# Sraith AFLW Aussie Rules na mBan 2026 & 2027

# An dáta deiridh d'iarratais: 13:00 an 28 Bealtaine 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ó earnáil na léiriúchán neamhspleách ar chlúdach beartaithe AFLW Aussie Rules na mBan 2026 agus 2027 thíos (faoi réir TG4 na cearta a fháil ón Australian Football League - AFL).

## Cúlra

Is é AFL Women's (AFLW) comórtas peile gairmiúil náisiúnta na hAstráile d'imreoirí mná. Thosaigh an AFLW in 2017 agus tá ocht bhfoireann déag san iomaíocht anois ann. Tá an tsraith á reáchtáil ag Sraith Peile na hAstráile (AFL) agus tá gach ceann de na clubanna ón gcomórtas sin san iomaíocht. Is iad North Melbourne Kangaroos na seaimpíní reatha. Is é AFLW an dara comórtas peile ban is mó freastail san Astráil. D'imir 39 bean as Éirinn i séasúr 2025 AFLW. Tá meitheal láidir Éireannach ag roinnt clubanna, lena n-áirítear Carlton le cúigear agus North Melbourne a bhfuil roinnt imreoirí Éireannacha acu. Tá cluichí AFLW á gcraoladh ag TG4 ó 2021.

Tuilleadh eolais: https://www.afl.com.au/aflw

## 1. AFLW Aussie Rules na mBan a chraoltar iarbheo gach Satharn & Domhnach

Clúdach iomlán iarbheo ar chluichí ó Pheil Astrálach na mBan (Australian Football League Women's, AFLW). Craolfar cluiche iomlán iarbheo ar an Satharn agus cluiche eile iarbheo ar an Domhnach (tá na dátaí craolta thíos).

Beidh na cluichí agus na grafaicí ar fáil ón gcraoltóir óstaigh/AFL ar shatailít nó SRT gach seachtain.

Caithfear teidil oscailte TG4, stoingí TG4 agus grafaicí a chur ar an gclár.

Beidh de fhreagracht ar an gcomhlacht léiriúcháin an comhartha agus na cluichí a chur ar aghaidh sa deireadh chuig Seomra Ionchuir TG4 i mBaile na hAbhann.

## 2. Buaicphointí AFLW gach seachtain ar 'GAA 2026'

Craolfar buaicphointí gairide ar chlár 'GAA 2026' gach seachtain ó Dé Luain an 17 Lúnasa 2026 go dtí Dé Luain an 29 Samhain 2026. Is féidir na cluichí agus na buaicphointí a íoslódáil ó thairseach AFL chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na míreanna seo.

Beidh na buaicphointí a bheidh le craoladh ar TG4 thart ar sé nóiméad ar fhad.

## Líon na gcláracha

| | |
|---|---|
| Iarbheo | 31 clár/cluiche x 86 nóiméad ar fhad |
| Buaicphointí | 16 clár x 6 nóiméad ar fhad |

## Dátaí craolta 2026

Tosóidh an séasúr Dé Sathairn an 15 Lúnasa 2026 agus leanfaidh sé ar aghaidh go seachtainiúil go dtí an Cluiche Ceannais a bheidh ar siúl Dé Sathairn an 28 Samhain.

| | |
|---|---|
| Babhta 1 | Dé Sathairn an 15 Lúnasa / Dé Domhnaigh an 16 Lúnasa |
| Babhta 2 | Dé Sathairn an 22 Lúnasa / Dé Domhnaigh an 23 Lúnasa |
| Babhta 3 | Dé Sathairn an 29 Lúnasa / Dé Domhnaigh an 16 Lúnasa |
| Babhta 4 | Dé Sathairn an 5 Meán Fómhar / Dé Domhnaigh an 6 Meán Fómhar |
| Babhta 5 | Dé Sathairn an 12 Meán Fómhar / Dé Domhnaigh an 13 Meán Fómhar |
| Babhta 6 | Dé Sathairn an 19 Meán Fómhar / Dé Domhnaigh an 20 Meán Fómhar |
| Babhta 7 | Dé Sathairn an 26 Meán Fómhar / Dé Domhnaigh an 27 Meán Fómhar |
| Babhta 8 | Dé Sathairn an 3 Deireadh Fómhar / Dé Domhnaigh an 4 Deireadh Fómhar |
| Babhta 9 | Dé Sathairn an 10 Deireadh Fómhar / Dé Domhnaigh an 11 Deireadh Fómhar |
| Babhta 10 | Dé Sathairn an 17 Deireadh Fómhar / Dé Domhnaigh an 18 Deireadh Fómhar |
| Babhta 11 | Dé Sathairn an 24 Deireadh Fómhar / Dé Domhnaigh an 25 Deireadh Fómhar |
| Babhta 12 | Dé Sathairn an 31 Deireadh Fómhar / Dé Domhnaigh an 1 Samhain |
| Babhta 13 | Dé Sathairn an 7 Samhain / Dé Domhnaigh an 8 Samhain (Babhta Cáilithe x 2 chluiche) |
| Babhta 14 | Dé Sathairn an 14 Samhain / Dé Domhnaigh an 15 Samhain (Cluichí Leathcheannais x 2) |
| Babhta 15 | Dé Sathairn an 21 Samhain / Dé Domhnaigh an 22 Samhain (Cluichí Ceannais Réamhbhabhta x 2) |
| Babhta 16 | Dé Sathairn an 28 Samhain (Cluiche Ceannais AFLW) |

Nóta: Tá dátaí craolta 2027 fós le deimhniú ag AFL.

Beidh cearta ilardáin ar fud an domhain ag TG4 go suthain ar na cláir seo.

Ní dhéanfar measúnú ar thograí mura bhfuil buiséad mionsonraithe leo.

## Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:

- Buiséad (ar teimpléad Buiséad TG4) & plean airgeadais
- An phríomhfhoireann léirithe atá molta – léiritheoir agus eagarthóir (má bhaintear áit amach ar an ngearrliosta beidh an fhoireann léirithe le deimhniú agus le comhaontú)
- Míreanna beo a sholáthar d'ardáin meán sóisialta TG4 don cheithre bhabhta dheireannacha – 7 gcluiche (Gearrthóga - Gearrthóga beo meán sóisialta a ullmhú - do X, Facebook, Instagram).
- Eolas faoin léiriúchán atá beartaithe agus faoin bpearsanra léirithe agus teicniúil uile.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**AFLW Aussie Rules na mBan** ' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Rónán Ó Coisdealbha ronan.o.coisdealbha@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

*Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

Beidh feidhm ag clásal scoir bliantúil agus féadfar é a ghníomhachtú roimh an 1 Samhain gach bliain.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin*

*íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*